Cuntas Leithreasa 2014

# Vóta 21

# Príosúin

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 21, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an suim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 ar na tuarastail agus costais de chuid na Seirbhíse Príosúin, agus costais eile maidir le príosúin, lena n-áirítear ionaid choinneála; le haghaidh seirbhísí promhaidh agus íocaíocht deontais-i-gcabhair.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair den chaiteachas don bhliain, agus
(b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil in 2014 as leithreasuithe 2013 nár caitheadh, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bhunaigh Alt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Dlitear barrachas €1.205 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Talamh agus foirgnimh***

Tá 14 phríosún agus ionad coinneála faoi úinéireacht an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, mar aon le réadmhaoin i gColáiste Sheirbhís Príosún na hÉireann, Port Laoise, Halla Thornton, tSeirbhís Phríosúin réadmhaoin cóngarach d'fhoirgneamh na Ceanncheathrún sa Longfort agus dhá shuíomh i mBaile Átha Cliath; suíomh amháin gar do Phríosún Chnoc na Seamar agus suíomh eile i gCill Mhaighneann, Baile Átha Cliath 8.

Luacháil an Oifig Luachála an talamh ag luach úsáide reatha nó ag luach margaidh (mura raibh sí in úsáid) le linn 2014. Táthar ag leanúint ar aghaidh ag luacháil na talún ag Halla Thornton ar a costas, lena n-áirítear infheistíocht i mbonneagar agus i seirbhísí, ar feitheamh athbhreithnithe ar a luach agus a sochar féideartha don Stát.

Tá an bunús maidir le foirgnimh príosúin a luacháil - meánchostas athsholáthair in aghaidh na cille - gan athrú.

Talamh agus foirgnimh na bpríosún a athluacháil gach cúig bliana - beidh an chéad athluacháil bheartaithe eile ar siúl in 2019. Ní dhéantar foirgnimh a dhímheas sna blianta idir athluachálacha, ar an mbonn gur leor caiteachas cothabhála leanúnach bliantúil lena mbail a chothabháil. Gan talamh agus foirgnimh a áireamh, déantar gach sócmhainn chaipitil eile a dhímheas de réir méid cothrom thar a saolré ionchais mheasta, ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

***Banc agus airgead tirim***

An ceanglas le hiarmhéideanna cuntais tráchtála a chur san áireamh i dtosca áirithe i gcuntais leithreasa 2014 agus i gcuntais leithreasa na mblianta ina dhiaidh, bhí sé sin ina chúis le leasú á dhéanamh ar na figiúirí comhfhreagracha i gcuntas 2013 chun críocha comparáid a dhéanamh.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an tSeirbhís Phríosúin na hÉireann

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Seirbhísí Comhroinnte***

Cuireann an tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Párolla (PSSC) seirbhísí próiseála párolla ar fáil don tSeirbhís Príosún. Feidhm atá á bainistiú ag an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe is ea an PSSC.

Bím ag brath ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh Seirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí agus seirbhísí comhroinnte á gcur ar fáil do Sheirbhís Príosún na hÉireann.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Seirbhís Phríosúin.
- Córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC.
- Treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.
- Cinntíonn an tSeirbhís Phríosúin go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i cheannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha. San iomlán, tuairiscíodh 30 socrú soláthair faoi Chiorclán 40/2002 in 2014. B'ionann a luach iomlán agus €7,869,629. Déantar iad a mhiondealú mar seo a leanas
  - Ceithre cheannachán phráinneacha arbh ionann a luach iomlán agus €306,870
  - Bhí deich gceannachán dhílsithe ina gcúis le luach €2,235,258 san iomlán
  - Rinneadh cúig chonradh soláthair a bhí ann cheana a shíneadh/a thar-rolladh, b'ionann a luach agus €2,368,553
  - Tháinig dhá chás aníos ina raibh soláthraí oiriúnach amháin ar fáil agus b'ionann luach na gconarthaí sin agus €121,691
  - Léirítear naoi gcás soláthair eile i dtuairisceán 40/2002. B'ionann a luach agus €2,837,257. Tháinig na cásanna sin aníos go príomha le linn tréimhse ina rabhthas ag fanacht le tabhairt chun críche na dtairiscintí láraithe san Oifig um Sholáthar Rialtais agus in Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais.

Cuireadh tairiscintí i gcrích i dtaca le haon cinn déag de na míreanna a tuairiscíodh thuas, le luach iomlán de €3,340,992. Áirítear orthu seo na cúig chonradh soláthair a síneadh nó a tar-rolladh. In dhá chás eile tá cuid mhór dul chun cinn déanta maidir leis an bpróiseas tairiscintí.Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an tSeirbhís Phríosúin le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre. Déantar na pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh a fhaomhadh ag an gCoiste Iniúchta agus cuireann siad an anailís seo san áireamh. Bíonn sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déantar athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil ag an gCoiste Iniúchta. Tá mé sásta go bhfuil gnáthaimh i bhfeidhm le cinntiú go ndéantar obair leantach maidir le tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaí.

**Noel Waters**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

31 Márta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 21 Príosúin

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 21 Príosúin don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa tSeirbhís Phríosúin agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 21 Príosúin don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an tSeirbhís Phríosúin. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú airgeadais inmheánaigh gur tharla cás ábhartha de neamhchomhlíonadh le rialacha náisiúnta soláthair maidir le conradh a bhí ag feidhmiú i 2014.

***Ag tuairisciú faoi nithe a eascraíonn as iniúchadh***

Pléann Caibidil 9 de mo thuarascáil faoi chuntais na seirbhísí poiblí do 2014 le fhorbartha na cóiríochta príosúin i mBaile Átha Cliath.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

6 Lúnasa 2015

# Vóta 21 Príosúin

## Cuntas Leithreasa 2014

| | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar | Meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas cláir** | | | | | |
| A | Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin | | | | |
| | *Bunaidh* | 324,538 | | | |
| | *Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas* | 2,400 | | | |
| | *Forlíontach* | 9,650 | | | |
| | | | 336,588 | 335,341 | 321,631 |
| | **Ollchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 324,538 | | | |
| | *Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas* | 2,400 | | | |
| | *Forlíontach* | 9,650 | | | |
| | | | **336,588** | **335,341** | **321,631** |
| | *Asbhain:* | | | | |
| **B** | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 15,993 | | | |
| | *Forlíontach* | 400 | | | |
| | | | **16,393** | **16,351** | **16,664** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 308,545 | | | |
| | *Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas* | 2,400 | | | |
| | *Forlíontach* | 9,250 | | | |
| | | | **320,195** | **318,990** | **304,967** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadtar gach leithreasú neamhchaite, nó cuid d'aon leithreasú neamhchaite le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dá éis sin.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr | 1,204,687 | 6,424,477 |
| Géilleadh iarchurtha | — | (2,400,000) |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,204,687 | 4,024,477 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pánna aghus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 230,100 | | | |
| | | *Forlíontach* | 7,000 | 237,100 | 236,926 | 237,310 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | 1,816 | 1,861 | 1,931 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,860 | | | |
| | | *Forlíontach* | (960) | 2,900 | 2,344 | 2,526 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,900 | | | |
| | | *Forlíontach* | 200 | 3,100 | 3,402 | 2,878 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,480 | | | |
| | | *Forlíontach* | (200) | 4,280 | 4,341 | 6,212 |
| vi | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 100 | | | |
| | | *Forlíontach* | (100) | — | — | 5 |
| | | | | 249,196 | 248,874 | 250,862 |

# Nótaí don Chuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 86,467 | 70,769 |
| Pá | | 236,926 | 237,310 |
| Neamhphá | | 11,948 | 13,552 |
| **Ollchaiteachas** | | **335,341** | **321,631** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **16,351** | **16,664** |
| **Glanchaiteachas** | | **318,990** | **304,967** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannachán | (3,861) | | |
| Dímheas | 2,767 | | |
| Airgead tirim um dhiúscairtí | 2 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 11 | (1,081) | (5,289) |
| **Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | (26,564) | (7,149) |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhraithe deiridh | (2,857) | | |
| Méadú stoic | (40) | | |
| | | (2,897) | 389 |
| **Caiteachas díreach** | | **288,448** | **292,918** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 34,393 | 35,247 |
| **Glanchostas cláir** | | **322,841** | **328,165** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 21 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 135 | 135 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 32,907 | 33,673 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 216 | 140 |
| Vóta 18 Seirbhísí Comhroinnte | m | 568 | — |
| Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas - an tIonad um Sheirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 567 | 1,299 |
| | | **34,393** | **35,247** |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 887,331 | 834,257 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | 28,461 | 3,956 |
| | | **915,792** | **838,213** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Banc agus Airgead Tirim | 2.4 | 8,270 | 9,202 |
| Stoic | 2.5 | 1,170 | 1,130 |
| Réamhíocaíochtaí | | 450 | 529 |
| Ioncam fabhraithe | | 52 | 96 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 603 | 474 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **10,545** | **11,431** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Glandliteanas don Státchiste | 2.8 | 48 | 2,423 |
| Costais fhabhraithe | | 2,702 | 5,682 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 8,825 | 7,253 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **11,575** | **15,358** |
| **Glandliteanais reatha** | | **(1,030)** | **(3,927)** |
| **Glansócmhainní** | | **914,762** | **834,286** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **914,762** | **834,286** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2014 €000** | **2013 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 834,286 | 821,446 |
| Athluacháil talún agus foirgneamh | | | 50,735 | — |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 320,195 | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (1,205) | | |
| Vóta glan | | | 318,990 | 304,967 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | | 34,393 | 35,247 |
| Aistriú go dtí an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais | 2.2 | | (801) | 791 |
| Costas glan clár | 1 | | (322,841) | (328,165) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **914,762** | **834,286** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Mótar-fheithiclí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2014 | 828,298 | 70,257 | 811 | 8,553 | 907,919 |
| Breiseanna | 5,026 | 712 | — | 182 | 5,920 |
| Athluachálacha | 50,735 | — | — | — | 50,735 |
| Aistriú amach[a,b] | (801) | — | — | (35) | (836) |
| Diúscairtí | — | (1,814) | — | (157) | (1,971) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2014 | 883,258 | 69,155 | 811 | 8,543 | 961,767 |
| | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2014 | — | 65,590 | 644 | 7,428 | 73,662 |
| Dímheas don bhliain | — | 2,190 | 34 | 543 | 2,767 |
| Dímheas ar aistriú amach | — | — | — | (35) | (35) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1,801) | — | (157) | (1,958) |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2014 | — | 65,979 | 678 | 7,779 | 74,436 |
| | | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2014** | **883,258** | **3,176** | **133** | **764** | **887,331** |
| | | | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2013** | **828,298** | **4,667** | **167** | **1,125** | **834,257** |

[a] Tagraíonn seo do shócmhainn, láithreán príosúin Dhúnfort Mhistéil ar Oileán Píc, a aistríodh go Comhairle Contae Chorcaí i Mí Aibreán 2010.

[b] Rinneadh dhá fheithicil ag a raibh costas bunaidh €35,000 a aistriú chuig Vóta an Gharda Síochána.

**2.3 Sócmhainní Caipitil á bhForbairt**

| ag 31 Nollaig | Conarthaí tógála | |
|---|---|---|
| | **2014** | **2013** |
| | **€000** | **€000** |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir | 3,956 | 2,655 |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | 26,564 | 7,149 |
| Aistrithe go clár sócmhainne | (2,059) | (5,848) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 28,461 | 3,956 |

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 8,011 | 8,782 |
| Cuntais bhainc thráchtála | 259 | 420 |
| | 8,270 | 9,202 |

Cuirtear iarmhéid an chuntais bhainc thráchtála i láthair ar leithligh agus athaicmíodh an costas comparáideach. Tá mar chuid d’iarmhéid an chuntais bhainc thráchtála €58,000 i 2014 (2013: €229,000) i dtaca le cuntas bainc thráchtála a riartar ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais –Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

| **2.5 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Éide agus éadach | 1,035 | 1,047 |
| Troscán agus ábhar cothabhála | 30 | 15 |
| Ilghnéitheach | 105 | 68 |
| | 1,170 | 1,130 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Óinchistí | 120 | 252 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | 204 | — |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 279 | 222 |
| | 603 | 474 |

| **2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 4,460 | 3,976 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 1,836 | 1,682 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 141 | 357 |
| Cáin Bhreisluacha | 1,510 | 547 |
| Cáin Fhoirgníochta | 13 | — |
| Cáin asbhainte ó aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí pinsin | 1 | — |
| | 7,961 | 6,562 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 626 | 593 |
| Míreanna fionraí creidmheasa eile | 238 | 98 |
| | 8,825 | 7,253 |

| **2.8 Glandliteanas don Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 1,205 | 4,024 |
| Le Tabhairt Suas – Suim Iarchurtha | — | 2,400 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh anuas | (1,157) | (4,001) |
| Glandliteanas don Státchiste | 48 | 2,423 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 8,270 | 9,202 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 603 | 474 |
| | 8,873 | 9,676 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (7,961) | (6,562) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí | (864) | (691) |
| | (8,825) | (7,253) |
| | 48 | 2,423 |

**2.9 Ceangaltais**

| ag 31 Nollaig | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| **(a) Ceangaltais Dhomhanda** | | |
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí | 2,187 | 3,580 |

**(b) Ceangaltais Ilbhliantúla Chaipitiúla**

| | 2014 | | | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Caiteachas a fhad leis an 31 Nollaig 2013** | **Caiteachas** | **Blianta roimhe seo** | **Tionscadal Iomlán** | **Tionscadal Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Príosún Nua Chorcaí | 2,336 | 19,926 | 20,169 | 42,431 | 40,676 |

Léiríonn an figiúr le haghaidh caiteachas blianta roimhe seo ceangaltais inar iontráladh conarthaí foirmiúla an 31 Nollaig 2014.

**Athrúcháin shuntasacha**

Tugtar míniú thíos sa chás gur tháinig méadú de bhreis ar €500,000 ar ghealltanais ilbhliantúla idir 2013 agus 2014.

| Cur síos | Méid an mhéadaithe €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Príosún Nua Chorcaí | 1,755 | Bhí roinnt orduithe athraithe ar fhormheas Bord an IPS um Maoirseacht ar Thionscadail Chaipitil iad le linn 2014 as ar tháinig méadú ar an gcostas tionscadal iomlán. |

**2.10 Dliteanais aibithe**

Ní raibh aon dliteanais aibithe neamhscaoilte amhail dheireadh na bliana (2013: Nil).

## 3 Caiteachas Cláir de réir Fo-mhírcheann

| | | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Riarachán agus soláthar coimeádta sábháilte, slán, daonnachtúil agus athshlánúcháin do dhaoine a chuirtear chun príosúin** | | | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 230,100 | | | |
| | | *Forlíontach* | 7,000 | 237,100 | 236,926 | 237,310 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 13,156 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,060) | 12,096 | 11,948 | 13,552 |
| A.3 | Foirgnimh agus trealamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 44,188 | | | |
| | | *Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas* | 2,400 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,220 | 49,808 | 49,503 | 24,584 |
| A.4 | Seirbhísí príosúin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 28,976 | | | |
| | | *Forlíontach* | (400) | 28,576 | 28,335 | 40,817 |
| A.5 | Seirbhísí oibriúcháin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 3,730 | | | |
| | | *Forlíontach* | 240 | 3,970 | 4,004 | — |
| A.6 | Seirbhísí oideachais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,265 | | | |
| | | *Forlíontach* | (100) | 1,165 | 1,101 | 1,307 |
| A.7 | Cúiteamh | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,873 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,000 | 3,873 | 3,524 | 3,978 |
| A.8 | Bearta míbhuntáiste sóisialta (cistí díomhaoine arna maoiniú) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 250 | | | |
| | | *Forlíontach* | (250) | — | — | 83 |
| | | | | 336,588 | 335,341 | 321,631 |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €1.2 milliún níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná soláthartha €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 174 | Cé go ndearnadh coigilteas de €174,000, méadaíodh an bunmheastachán faoi €7 milliún i meastachán forlíontach mar gheall ar roinnt brúnna buiséadacha, lena n-áirítear costas bliana iomláine na nOifigeach Riaracháin agus Tacaíochta Príosúin (ORTP), roinnt Oifigeach Príosúin a earcaíodh i mblianta roimhe seo ag dul ar aghaidh go scála pá na nOifigeach Príosúin i 2014 agus ceapachán Oifigeach Oiliúna Oibre. Ina theannta sin, bhí líon an phearsanra ar fiannas níos mó ná an líon a réamh-mheasadh faoin gCreat Rialaithe Fostaíochta (CRF). Ba é an líon measta ar fiannas faoin CRF ag deireadh 2014 ná 3,265. Ba é an líon iarbhír ar fiannas ná 3,381. |
| Riarachán - neamhphá | 148 | Cé gur baineadh coigilt €148,000 amach, laghdaíodh an meastachán bunaidh faoi €1.06 milliún dáiríre mar chuid den mheastachán forlíontach. Tháinig na coigiltí aníos ar fud roinnt réimsí riaracháin, lenar áiríodh ceannach éidí agus costais oiliúna, mar nár earcaíodh Oifigigh Phríosúin le linn na bliana. |
| Foirgnimh agus trealamh | 305 | Cé gur baineadh coigilt €305,000 amach, méadaíodh an meastachán bunaidh faoi €3.22 milliún mar chuid den mheastachán forlíontach. Tháinig an riachtanas méadaithe aníos go príomha de bharr an chostais a bhain le hoibreacha éigeantacha coire agus córas téimh i roinnt príosún. |
| Seirbhísí príosúin | 241 | Cé gur baineadh coigilt €241,000 amach, laghdaíodh an meastachán bunaidh faoi €400,000 mar chuid den phróiseas meastacháin fhorlíontaigh mar go raibh costais i seirbhísí príosúin níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo. Toisc a chuir leis na costais laghdaithe san fho-mhírcheann seo ba ea an laghdú ar líon na bpríosúnach. |
| Seirbhísí oibriúcháin | (34) | Méadaíodh an meastachán bunaidh faoi €240,000 mar chuid den mheastachán forlíontach. Tháinig na costais bhreise san fho-mhírcheann seo as costais chothabhála don fhlít iompair phríosúin go príomha. |
| Seirbhísí oideachais | 64 | Laghdaíodh an meastachán bunaidh faoi €100,000 mar chuid den phróiseas meastacháin fhorlíontaigh. Tháinig an costas laghdaithe as an laghdú ar líon na bpríosúnach go príomha.. |
| Cúiteamh | 349 | Cé gur baineadh coigilt €349,000 amach, tháinig méadú €1.0 milliún ar an bhfo-mhírcheann seo mar chuid den phróiseas meastacháin fhorlíontaigh ag coinne leis na dámhachtainí a bhí dlite lena n-íoc roimh dheireadh na bliana. Tá sé doiligh uainiú an chaiteachais ar dhámhachtainí cúitimh a réamh-mheas. |
| Bearta míbhuntáiste sóisialta (cistí díomhaoine arna maoiniú) | — | Laghdaíodh an meastachán bunaidh €250,000 go nialas mar chuid den phróiseas meastacháin fhorlíontaigh. Ní raibh aon chaiteachas ón bhfo-mhírcheann seo in 2014 mar go rabhthas ag fanacht le foilsiú an Phlean Gníomhaíochta le haghaidh Cuntas Díomhaoin agus le cinneadh an bhoinn mhaoiniúcháin le haghaidh tionscadal in 2015 mar chuid de Mheastacháin Athbhreithnithe i mí na Nollag 2014. Chuir sé sin moill ar thosú tionscadal in 2014. |

## 4 Fáltais

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **4.1 Leithreasaí-i-gcabhair** | | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Ciste Sóisialta na hEorpa | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 5 | | | |
| | | *Forlíontach* | (5) | — | — | — |
| 2. | Fáltais ó dhíolachán na réadmhaoine príosúin | | | — | — | — |
| 3. | Ilghnéitheach | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 400 | | | |
| | | *Forlíontach* | 5 | 405 | 313 | 321 |
| 4. | Fáltais na gcuntas díomhaoin | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 250 | | | |
| | | *Forlíontach* | (250) | — | — | 83 |
| 5. | Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair na seirbhíse poiblí | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 15,338 | | | |
| | | *Forlíontach* | 650 | 15,988 | 16,038 | 16,260 |
| | **Iomlán** | | | **16,393** | **16,351** | **16,664** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheideal ina raibh an toradh éagsúil ón tsuim mheasta de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%.

| **Cur síos** | **Níos lú/(níos mó) ná soláthartha €000** | **Míniúchán** |
|---|---|---|
| Ilghnéitheach | 92 | Cé gur méadaíodh an bunmheastachán faoi €5,000 mar chuid den phróiseas meastacháin fhorlíontaigh, bhí easnamh de €92,000 le sonrú sna fáltais. Tá sé deacair leibhéal beacht na bhfáltas a thuar faoin gceannteideal seo. |
| Fáltais na gcuntas díomhaoin | — | Tá na fáltais sa chás seo ag teacht le caiteachas ó fho-mhírcheann A.8. Ós rud é go raibh moill ar pháirt a ghlacadh i dtionscadail in 2014 ar feitheamh shoiléiriú an bhoinn mhaoiniúcháin do 2015, ní raibh aon fháltais faoin mírcheann seo in 2014. Léiríodh é sin sa mheastachán forlíontach. |
| Fáltais as asbhaint a bhaineann le pinsin as luach saothair na seirbhíse poiblí | (50) | Méadaíodh an leithdháileadh bunaidh faoi €650,000 sa mheastachán forlíontach chun léiriú a dhéanamh ar na fáltais bhreise faoin mírcheann seo, ar fáltais iad atá nasctha go dlúth le costais phárolla. |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (ar choibhéis lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 3,381 | 3,433 |

| | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 142,050 | 140,669 |
| Liúntais ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 290 | 492 |
| Liúntais eile | 47,968 | 47,961 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 31,048 | 32,791 |
| ÁSPC an Fhostóra | 15,570 | 15,397 |
| **Pá Iomlán** | **236,926** | **237,310** |

### 5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair<br>2014<br>€ | Uasíocaíocht aonair<br>2013<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 67 | 3 | 11,560 | 12,090 |
| Tinreamh breise agus ragobair | 3,079 | 1,749 | 22,884 | 28,704 |
| Liúntais uainoibre agus uainchláir | 2,936 | 665 | 18,388 | 19,003 |
| Ilghnéitheach | 3,228 | 203 | 31,252 | 21,881 |

Fuair daoine aonair áirithe luach saothair bhreise i níos mó ná catagóir amháin.

### 5.2 Socruithe Luach Saothair Eile

San iomlán íocadh €76,565 do 17 státseirbhíseach a bhí ar scor agus iad ag fáil pinsin státseirbhíse, le méideanna idir €600 agus €12,043 i gceist; athfhostaíodh iad ar dualgais éagsúla le linn 2014. San iomlán íocadh €31,457 do sheisear ball den Gharda Síochána a bhí ar scor; fostaíodh ar dualgais shonracha le linn 2014 iad. Cuireadh gnáthaimh chuí i bhfeidhm i dtaca le híocaíochtaí do bhaill fhoirne ar scor de réir Alt 52 den Acht um Phinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

### 5.3 Ró-íocaíochtaí párolla

B'ionann iarmhéid na ró-íocaíochtaí párolla gan íoc ag deireadh na bliana agus €561,028 (2013: €443,538)

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Daonra na bPríosún

Ba é 3,916 (4,158 i 2013) meánlíon laethúil measta na bpríosúnach sa bhliain 2014.

### 6.2 Cúiteamh agus Costais Dlí

Cuimsíonn an cuntas caiteachas maidir le cúiteamh agus costais dhlíthiúla a íocadh do phríosúnaigh, d'fhoireann agus do bhaill an phobail. Léiríonn an clár thíos anailís de na costais seo.

| | 2014 | | | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Cúiteamh a dhámh** | **Costais dlíthiúla bronnadh** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh ag foireann phríosúin** | | | | | |
| Éilimh shibhialta ag foireann phríosúin do dhíobhálacha a fuarthas agus iad ar dualgas agus ceisteanna eile a bhaineann le foireann phríosúin. | 93 | 837 | 380 | 1,217 | 892 |
| Éilimh trí mheán an Bhinse Chúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla ag eascairt as díobhálacha a fuarthas ag foireann phríosúin. | 46 | 983 | — | 983 | 827 |
| **Éilimh ag príosúnaigh** | | | | | |
| Éilimh a rinneadh ag príosúnaigh ag eascairt as díobhálacha agus as gníomhartha eile ina raibh príosúnaigh i gceist | 137 | 249 | 835 | 1,084 | 1,470 |
| **Éilimh ag baill an phobail** | 22 | 86 | 148 | 234 | 783 |
| | | 2,155 | 1,363 | 3,518 | 3,972 |

Ag 31 Nollaig 2014, thaifid an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát 1,201 éileamh mar éilimh gan íoc (2013: 585 cásanna).

### 6.3 Costais Adhlactha na bPríosúnach

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia de chuid €5,700 i dtreo costais adhlactha ceithre chiontóir a cailleadh agus iad i bpríosún.

### 6.4 Calaois agus Calaois Amhrasta

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Mí-leithghabháil líomhnaithe stoic/airgid | 10 | 2 |

Aimsíodh dhá chás caimiléireachta i 2014 (2013: 2)